**FEACHTAS**

**518 AN tSRÁID MHÓR**

**TAMHLACHT**

**BAILE ÁTHA CLIATH D24 P298**

# RÁITEAS AIRGEADAIS

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**FEACHTAS**

| **CLÁR** | **LEATHANACH** |
|---|---|
| EOLAS | 1 |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOISTE CEANNAIS | 2 |
| DEARBHÚ AN CHOISTE CEANNAIS | 3 |
| TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA | 4/5 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 6 |
| CAITEACHAS | 7 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 8 |
| NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS | 9/10 |

**FEACHTAS**

**EOLAS**

| | |
|---|---|
| COISTE CEANNAIS: | Pádraigín Nic Ghearailt, Cathaoirleach<br>Imelda Bermingham, Rúnaí<br>Seán Ó Fearaíl, Cisteoir<br>Aoife Nic Lughadha<br>Anna Ní Mhonacháin<br>Máire Nesta Nic Ghearailt |
| PRÍOMHOIFIG: | 518 An tSráid Mhór<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath D24 P298 |
| STÁDAS DLÍTHIÚIL: | Óg-Eagras neamhchorpraithe |
| CUSPÓIRÍ: | a)An Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga<br>b)Cuidiú le forbairt phearsanta is sóisialta an duine óig<br>c)Cuidiú chun comhluadar Gaelach a thógáil |
| INIÚCHÓIRÍ: | Bluett Conran<br>Cuntasóirí Cairte,<br>Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta<br>52 Plás Shéamais Thoir<br>Baile Átha Cliath D02 R868 |
| BAINCÉIRÍ: | Bainc-Aontas Eireann cpt<br>An tSráid Mhór<br>Maigh Nuad<br>Co Chill Dara W23 F5N2 |

**FEACHTAS**

**RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOISTE CEANNAIS**

**BLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

Tá an Coiste Ceannais freagrach as ráitis airgeadais bliantúla a ullmhú de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 - Alt 1A eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Bhain siad leas as an díolúine i gCTA102 - Alt 1A ón gceanglais chun ráiteas sreabhadh airgid a ullmhú toisc go bhfuil Feachtas rangaithe mar eagraíocht bheag.

Tá iallach ar an gCoiste Ceannais ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na heagraíochta agus ar fharasbarr nó ar easnamh na heagraíochta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir don Choiste Ceannais:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- a dhearbhú ar géilleadh do chaighdeáin chuntasaíochta chuí, faoi réir ag athruithe ábhartha atá léirithe agus mínithe sna ráitis airgeadais,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an eagraíocht i mbun gnó.

Deimhníonn an Coiste Ceannais go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá an Coiste Ceannais freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na heagraíochta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gceart. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

A mhéid is eol don Choiste Ceannais, níl aon fhaisnéis a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil a fhios ag an Iniúchóir Reachtúil agus tá na céimeanna glactha ag an gCoiste Ceannais chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon ábhartha faisnéis iniúchta agus a chinntiú go gcuirtear na hIniúchóirí Reachtúla ar an eolas faoi aon fhaisnéis den sórt sin.

Ar son an Choiste Ceannais

Pádraigín Nic Ghearailt

**PÁDRAIGIN NIC GHEARAILT**
30 Meitheamh 2021

**SEÁN Ó FEARAÍL**
30 Meitheamh 2021

**FEACHTAS**

**BLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**DEARBHÚ AN CHOISTE CEANNAIS**

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 6 go 10 á bhfaomhadh ag an gCoiste Ceannais agus deimhníonn siad go bhfuil siad freagrach astu, roghnú polasaithe cuntasaíochta cuí san áireamh, iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus na breithiúnais thacaíochta a dhéanamh ar bhunús réasúnta agus stuama. Ullmhaíodh iad ar bhonn gnóthais leantaigh ar an mbonn go leanfaidh an eagraíocht i mbun gnóthaí.

Deimhníonn an Coiste Ceannais gur chuir siad taifid chuntasaíochta uile na heagraíochta ar fáil don iniúchóir agus tugadh dó an fhaisnéis go léir atá riachtanach chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Deimhníonn an Coiste Ceannais, chomh fada agus is eol dóibh agus a chreideann siad, go léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta uile na heagraíochta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Ar son an Choiste Ceannais

Pádraigín Nic Ghearailt

**PÁDRAIGIN NIC GHEARAILT**
30 Meitheamh 2021

**SEÁN Ó FEARAÍL**
30 Meitheamh 2021

**FEACHTAS**

**BLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA**

**DO CHOMHALTAÍ FEACHTAS**

**Tuairim**

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Feachtas don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2020 ar leathanaigh 6 go dtí 10 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara. Is iad dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta ag cuimsigh an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme in Éirinn 102 - Alt 1A (CTA102 - Alt 1A) eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo faoi réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach iontu.

Is do chomhaltaí Feachtas amháin, mar chomhlacht, a dhéantar an tuarascáil seo. Chuamar i mbun na hoibre iniúchta go bhféadfaimis a lua le comhaltaí Feachtas na nithe sin a cheanglaítear orainn a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dúinn de réir dlí ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid chugainn féin freagracht do dhuine ar bith seachas do Feachtas agus do chomhaltaí Feachtas mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar thángamar orthu.

**Freagrachtaí an Choiste Ceannais agus na n-iniúchóirí faoi seach**

Mar atá mínithe níos iomláine san Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choiste Ceannais atá leagtha amach ar leathanach 2, tá an Coiste Ceannais freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. Is é an dualgas atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh orthu faoi réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta. Éilíonn na caighdeáin seo go gcloífimis le Caighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta.

**Scóip iniúchadh na ráiteas airgeadais**

Áirítear, in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na heagraíochta agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad; réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinne an Coiste Ceannais; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais. Má thagaimid ar eolas faoi mhíráiteas nó faoi nithe neamh-chomhsheasamhacha ábhartha déanaimid na himpleachtaí dár dtuarascáil a mheas.

## TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA

## DO CHOMHALTAÍ FEACHTAS

**(ar leanúint)**

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Is í ár dtuairim maidir leis na ráitis airgeadais go dtugann siad léargas fíor agus cothrom faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn ar ghnóthaí na heagraíochta mar a bhí ar an 31 Nollaig 2020 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin.

**Ábhair a éilítear orainn a thuairisciú**

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheasamar ba ghá i gcomhair ár n-iniúchta.
- Is í ár dtuairim gur choimeád an t-eagras taifid chuntasaíochta chuí.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.

**Thomas Bluett**
**Cuntasóir Cairte**
**Sínithe ar a shon agus thar a cheann:**
**Bluett Conran Limited**
**Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta**
**52 Plás Shéamais Thoir**
**Baile Átha Cliath D02 R868**

**30 Meitheamh 2021**

## FEACHTAS

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Ioncam** | | |
| Deontais: POBAL - An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige via Pobal | | |
| - Scéimeanna Deontais Seirbhíse Óige | 97,465 | 93,716 |
| - Scéim Cistithe Caipitil Óige | 5,493 | - |
| - Ciste um Cheartas Aeráide Óige | 4,200 | - |
| An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta | 2,000 | 2,000 |
| Teacht Isteach – Tráth na gCeist | 267 | - |
| Urraíocht | - | 500 |
| Imeachtaí | - | 3,937 |
| | 109,425 | 100,153 |
| **Caiteachas** | (105,149) | (94,746) |
| **Farasbarr na bliana** | 4,276 | 5,407 |
| **Farasbarr ag tús na bliana:** | 10,626 | 5,219 |
| **Farasbarr ag deireadh na bliana** | 14,902 | 10,626 |

## FEACHTAS

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Caiteachas** | | |
| **Pá agus Riarachán Ginearálta:** | | |
| Cíos | 5,900 | 8,968 |
| Árachas | 2,088 | 1,158 |
| Tuarastail | 61,672 | 59,049 |
| Préimh Pinsin | 2,158 | 2,706 |
| Teileafón | 1,601 | 1,731 |
| Iniúchóireacht, Cuntasaíocht | 5,842 | 2,460 |
| Costais Oifige | 8,114 | 7,823 |
| Bogearraí | 311 | - |
| Taisteal | 1,065 | 3,040 |
| Costais Bainc | 564 | 534 |
| Oiliúint | 92 | 270 |
| Aistriúchán (maoinithe ag Ciste um Cheartas Aeráide Óige) | 3,352 | - |
| Ríomhairí (maoinithe ag Scéim Cistithe Caipitil Óige) | 4,061 | - |
| Aistriú Oifige | - | 440 |
| | 96,820 | 88,179 |
| **Soláthar seirbhíse/gníomhaíochtaí:** | | |
| Tráth na gCeist | 1,150 | - |
| Imeachtaí | 457 | 4,511 |
| Costais Chraobh | 4,792 | - |
| Costais Lárnacha | 312 | - |
| Costais na Foirne | 918 | - |
| | 7,629 | 4,511 |
| **Ballraíocht:** | | |
| Ballraíocht | 700 | 700 |
| Poiblíocht | - | 1,356 |
| | 700 | 2,056 |
| | 105,149 | 94,746 |

**FEACHTAS**

**CLÁR COMHARDAITHE**

**AR AN 31 NOLLAIG 2020**

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Féichiúnaithe | | - | 457 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 25,950 | 17,394 |
| | | 25, 950 | 17,851 |
| **DLITEANAS REATHA** | | | |
| Creidiúnaithe | 3 | (11,048) | (7,225) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 14,902 | 10,626 |
| **SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAS** | | 14,902 | 10,626 |
| **COTHROMAS** | | | |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais | | 14, 902 | 10,626 |

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir na bhforálacha infheidhme maidir le eagraíochtaí ag brath ar an gcóras do eagraíochtaí beaga agus i gcomhréir leis an Ráiteas um Thuairisciú Airgeadais 102 - Alt 1A "An Caighdeán um Thuairisciú Ráiteas Airgeadais infheidhme in Éirinn".

Ar son an Choiste Ceannais

Pádraigín Nic Ghearailt

**PÁDRAIGIN NIC GHEARAILT**
30 Meitheamh 2021

**SEÁN Ó FEARAÍL**
30 Meitheamh 2021

## FEACHTAS

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

### 1. POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

Tá oifig Feachtas ag 518 An tSráid Mhór, Tamhlacht, Baile Átha Cliath D24 P298.

Óg-Eagras neamhchorpraithe é Feachtas.

Is í CHY15308 uimhir charthanach na gCoimisinéirí Ioncaim.

Is í 20052508 uimhir charthanach an Rialálaí Carthanas

Is é príomhghnó an eagrais ná imeachtaí don aos óg a eagrú.

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in euro (€) agus is é sin freisin airgeadra feidhmiúil an eagrais.

**Gnás Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus faoi réir caighdeán chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn agus faoi reachtaíocht na hÉireann, faoi réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais infheidhme in Éirinn (CTA 102 - Alt 1A) eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann.

### 2. FOSTAITHE

Ní bhfuair fostaí ar bith sochair fostaithe €70,000 nó níos mó riamh.

### 3. CREIDIÚNAITHE

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe | 6.633 | 2,656 |
| Cáin fostaíochta | 4,415 | 4,569 |
| | 11,048 | 7,225 |
| | ===== | ==== |

## 4. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG INIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLÉACHA

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóirí linn na ráitis airgeadais a ullmhú.

## 5. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Ar an 12 Meitheamh 2021 faomhadh na ráitis airgeadais ar son an Choiste Ceannais agus údaraíodh go n-eiseofaí iad. Sínítear iad ina ina dhiaidh sin ar an 30 Meitheamh 2021.